**An Coiste Tréadach - Tuairisc Oibre do 2023**

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: | An Canónach Pádraig Ó Baoill |
| Rúnaí: | Caitríona Uí Chatháin |
| Cisteoir: | Giollamuire Ó Murchú (*Pobal an Aifrinn*). |
| Comhaltaí: | An tAth. Liam Ó Cuív SP, An tAth. Vasyl Kornitsky SC,<br>An tSr. Máiréad Ní Bhuachalla RSC (séiplíneach Gaelcholáiste),<br>Aideen McBride (séiplíneach Gaelscoile), Paula Ní Shlatara (*Pobal an Aifrinn*). |

### Gnó Coiste

I rith 2023 tionóladh 10 gcruinniú, ar 15 Feabhra, 14 Márta, 24 Aibreán, 22 Bealtaine, 19 Meitheamh, 15 Meán Fhómhair, 4 agus 26 Deireadh Fómhair, agus 8 agus 29 Samhain, iad uile in Ionad Acmhainne Pharóiste N. Bríd, Cill Easra. Ghabh ceathrar ball ar scor sa tréimhse, Dónall Ó Conaill (iar-fheidhmeannach *Fhoras Patrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge*) agus Bláthnaid Ó Brádaigh (*Pobal an Aifrinn*) ag deireadh 2022, agus sa bhliain reatha An tSr. Máiréad Ní Bhuachalla RSC agus Aideen McBride. Tá súil baill nua a earcú i 2024.

### Liotúirgí áitiúla

Ag tosú i 2008, d'ainmnigh an Ard-Deoise 13 d'ár nAifrinn Domhnaigh mar 'Aifrinn dúiche' ionas go mairfeadh i ngach Déanacht, liotúirge seachtainiúil d'ard-chaighdeán i nGaeilge, nasctha le cúram na nGaelscoileanna áitiúla.

Inniu baintear feidhm as an teanga go rialta i 13 eaglais, ach ar bhonn níos teoranta. Ar an meán, ceiliúrtar 10 nAifreann gach Domhnach, le téacs iomlán na liotúirge i nGaeilge i 6 chás, agus le seanmóir i nGaeilge coitianta i dtrí ionad. Tá seo mórán mar a bhí i 2022, ach síos go mór ar an gcúram roimh na paindéime.

Faoi láthair, cuidíonn an Coiste le soláthar na gceiliúraithe ag trí chinn de na hionaid seo. Mar thacaíocht bhreise, ó Eanáir 2023 amach, íocaimid síntiúis na gcuairteoirí sagart ag na hAifrinn i nDraighneán (Sórd) agus Dún Laoghaire, mar aon leis na síntiúis ag Aifrinn Domhnaigh an Choiste féin i mBaile an tSaoir.

### Liotúirgí bliantúla

Ar Fhéile Pádraig 2023, bhí Aifreann i nGaeilge nó dátheangach i 21 eaglais san Ard-Deoise, ar aon dul le 2022.

I dtuaisceart na Cathrach, ní raibh caoi Tréan na Cásca nó Aifreann na hOíche Nollag a athbhunú. Chuige sin bheadh gá le réiteach fad-téarmach faoi sholáthar ceiliúraithe, móide ionad seasta do na searmanais. I ndeisceart na cathrach, ámh, tar éis athbhunú Aifreann na Gine i séipéal Ollscoile Belfield um Nollag 2022, bhí ar ár gcumas Tréan na Cásca á cheiliúradh ansin i 2023 don chéad uair ó 2019, le léitheoirí agus lucht eagraithe ó thuaisceart chomh maith le deisceart na cathrach páirteach. Agus ar Oíche Nollag 2023 san ionad céanna, tháinig méadú suntasach ar an dtinreamh, le breis teaghlaigh óga i láthair, a bhuíochas d'fhógraíocht sna Gaelscoileanna áitiúla.

Feadh na bliana, lean an Coiste ag uasdátú a liostaí sagart le cumas Gaeilge, le súil le cabhair bhreise a fháil, go háirithe ós na hOird, do na searmanais bliantúla seo, agus do na hAifrinn Domhnaigh faoinár gcúram.

### Craoltaí

Mar thoradh ar phlé an Chathaoirligh le húdaráis Raidio na Gaeltachta, aontaíodh go gcraolfaí Aifrinn Domhnaigh i nGaeilge ón Ard-Deoise go tráthrialta arís ó 2024 amach, sé uair sa bhliain, mar ba nós roimh an bpaindéim. I gcomhpháirt leis na paróistí, tá eaglaisí roghnaithe anois ag an gCoiste do chraoltaí na bliana 2024.

### Gaelscoileanna agus na Sacraimintí

Tá anois 52 Gaelscoil san Ard-Deoise, le 12,754 dalta. Tá 67% díobh seo ag triall ar scoileanna i 15 den 53 pairtnéireacht paróiste, na háiteanna leis an éileamh Gaelscolaíochta is airde, len ar an meán 570 dalta i ngach cás.

I rith na bliana, chinntigh ár gCathaoirleach go mbeadh ceiliúraithe ag Gaelscoileanna do Shacraimint an Athmhuintearais, don Chéad Chomaoineach, do Shearmanas an tSolais agus do Shacraimint an Chóineartaithe.

### Comhoibriú: Pobal an Aifrinn, saothar éacúimeineach

I 2022, mar a tuairiscíodh cheana, ghlac an Coiste freagracht as costais na liotúirgí bliantúla Gaeilge ag Séipéal Ollscoile Belfield, a bhíodh faoi chúram *Phobal an Aifrinn* roimh an bpaindéim. Ar an dóigh céanna, thar na blianta bhíodh *Pobal an Aifrinn* freagrach, i bpáirt le *Cumann Gaelach* Eaglais na hÉireann, as eagrú seirbhísí bliantúla i nGaeilge d'aontacht na gCríostaithe. I mbliana, ghlac an Coiste leis an bhfreagracht sin, agus réitíodh

go gclúdódh an Coiste ár sciar de chostais na gcomh-sheirbhísí seo.

Leanann *Pobal an Aifrinn* ag soláthar cabhrach agus fógraíochta don Choiste thrína ghréasán tacaíochta. Tá fáil i gcónaí ar a chartlann ceoil agus a chuid áiseanna liotúirge mar chabhair d'obair an Choiste.

Mí Eanáir 2023, le feidhmeanach nua díreach ceaptha ag *Cumann Gaelach na hEaglaise*, agus an Cumann gafa freisin le comóradh N. Bríd níos déanaí sa mhí, cuireadh ár gcomh-sheirbhís d'Aontacht na gCríostaithe in Ard-Teampall Chríost ar fionraí don bhliain reatha.

**Foilseacháin agus fógraíocht**

Príomh-thogra an Choiste i 2023 ná foilsiú *A Thiarna Dean Trócaire*, leabhrán i nGaeilge d'oidí agus do thuisimitheoirí ag ullmhú daltaí Gaelscoile don Chéad Fhaoistin. Sheol an t-Ardeaspag Ó Fearaíl an leabhrán ar 10 Samhain 2023 in Ionad Paróiste N. Crónán, Baile Breacáin, Sord.

Comh-shaothar ab ea an leabhrán de chuid baill uile an choiste sna blianta 2016-17, le hionchur ar leith ó bheirt atá anois ar scor, an Canónach Pádraig Ó Cochláin SP, agus an Bráthair Dónall Ó hÉaluithe CFC. Bhí tuiscint ghairmiúil acu seo ar an gcuraclam creidimh, ar obair an chomhairleora deoise, agus ar riachtanais na scoileanna. Aithníodh go raibh gá le háis bhreise den chineál seo. Bhí an téacs ullamh i 2017, ach de bharr moille, agus ansin de thoradh na paindéime, níor foilsíodh é go dtí anois.

A bhuíochas do dheontas fial ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, bhí ar chumas an Choiste cóip den leabhrán a bhronnadh ar ghach scoil Gaeltachta, agus ar ghach Gaelscoil in Éirinn (thuaidh agus theas), móide cóip breise do scoileanna leis an dara sruth, mar aon le heolas ar chá bhféadfaí cóipeanna breise a cheannach, trí Veritas agus foinsí eile. Dáileadh 349 cóip ar an dóigh seo, 73 díobh do na Gaelscoileanna in Ard-Deoise Átha Cliath.

Leanann an Coiste ag soláthar léachtaí Aifrinn, Guí an Phobail agus nótaí seanmóra don lucht cabhartha ag na hAifrinn Gaeilge, san Ard-Deoise agus leasmuigh di. Freisin, feadh na bliana, rinneamar ár ngnáth-fhógraíocht faoi liotúirgí agus imeachtaí eile, trí oifig cumarsáide na hArd-Deoise, na meáin shóisialta, agus le ríomhphost.

Meitheamh 2024

---

**An Coiste Tréadach - Report of Activities for 2023**

| | |
|---|---|
| Chair: | An Canónach Pádraig Ó Baoill |
| Secretary: | Caitríona Uí Chatháin |
| Treasurer: | Giollamuire Ó Murchú (*Pobal an Aifrinn)* |
| Members: | An tAth. Liam Ó Cuív PP, An tAth. Vasyl Kornitsky CC,<br>An tSr. Máiréad Ní Bhuachalla RSC (Gaelcholáiste chaplain),<br>Aideen McBride (Gaelscoil chaplain), Paula Ní Shlatara (*Pobal an Aifrinn*) |

**Committee business**

During 2023 10 meetings were held, on 15 February, 14 March, 24 April, 22 May, 19 June, 15 September, 4 and 26 October, and 8 and 29 November, all at St. Brigid's Parish Resource Centre, Killester. In the period, four members retired, Dónall Ó Conaill (former executive of *Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge*) and Bláthnaid Ó Brádaigh (*Pobal an Aifrinn*) at the end of 2022, and in the current year Sr. Máiréad Ní Bhuachalla RSC and Aideen McBride. It is hoped to recruit new members during 2024.

**Local liturgies**

Starting in 2008, the Archdiocese nominated 13 of our Sunday Masses as 'District Masses' so that each deanery would retain a high quality weekly liturgy in Irish, linked to the care of the local Gaelscoileanna.

Today the language is in regular use in 13 churches, but on a more limited basis. On average, 10 Masses are celebrated each Sunday, with the entire liturgical text in Irish in 6 instances, and with Irish homilies usual in three venues. This is similar to the position in 2022, but considerably less than the provision before the pandemic.

An Coiste currently currently helps with the supply of celebrants in three of these venues. As further support, from January 2023 onwards, we pay visiting priests' stipends at the Drynam (Swords) and Dún Laoghaire Masses, in addition to the stipends at an Coiste's own Sunday Masses in Ballinteer.

**Annual Liturgies**

On St Patrick's Day 2023 there were Irish or bilingual Masses in 21 churches in the Archdiocese, as in 2022.

In the north of the city, it was not possible to re-establish the Easter Triduum or Mass on Christmas Eve. To do so would require a long-term arrangement regarding the supply of celebrants as well as a stable venue for the ceremonies. In the south of the city, however, after re-establishing *Aifreann na Gine* in Belfield University Chapel at Christmas 2022, we were able to celebrate the Easter Triduum there in 2023 for the first time since 2019, with readers and organisers from the north as well as the south of the city participating. And on Christmas Eve 2023 at the same venue, there was a significant increase in attendance, with more young families present, thanks to publicity in the local Gaelscoileanna.

During the year, an Coiste continued to update its lists of priests with Irish ability, in the hope of additional help, especially from the religious orders, for these annual ceremonies, and for the Sunday Masses in our care.

**Broadcasts**

As a result of the Chair's discussions with the authorities in Raidio na Gaeltachta, it was agreed that Sunday Masses in Irish would again be regularly broadcast from the Archdiocese from 2024 onwards, six times a year, as was usual before the pandemic. Jointly with the parishes, An Coiste has now selected churches for the 2024 broadcasts.

**Gaelscoileanna and the Sacraments**

There are now 52 Gaelscoileanna in the Archdiocese, with 12,754 pupils. 67% of these attend schools in 15 of the 53 parish partnerships, the areas of highest Gaelscoil demand, with an average of 570 Gaelscoil pupils each.

During the year, our Chair ensured that Gaelscoileanna had celebrants for the Sacrament of Reconciliation, for First Communion, for the Ceremony of Light, and for the Sacrament of Confirmation.

**Cooperation: *Pobal an Aifrinn,* ecumenical activity**

In 2022, as previously reported, An Coiste took responsibility for the costs of the annual liturgies at Belfield University Chapel, which *Pobal an Aifrinn* had charge of prior to the pandemic. Similarly, *Pobal an Aifrinn,* together with *Cumann Gaelach na hEaglaise,* the Irish Guild of the Church of Ireland, had been responsible for many years for organising the annual services in Irish for Christian Unity. This year, An Coiste took this responsibility, and it was agreed that An Coiste would cover our share of the costs of such jointly-run services.

*Pobal an Aifrinn* continues to provide help and publicity to An Coiste through its support network. The society's music archive and liturgical aids are always available to assist An Coiste's work.

In January 2023, as a new executive had just been appointed by *Cumann Gaelach na hEaglaise*, and as *an Cumann* was also engaged with a celebration of St. Brigid later that month, our joint service for Christian Unity in Christchurch Cathedral was suspended for the current year.

**Publications and publicity**

An Coiste's principal project this year was the publication of *A Thiarna Déan Trócaire*, a booklet in Irish for teachers and parents preparing Gaelscoil pupils for First Reconciliation. Archbishop Farrell launched the booklet on 10 November 2023, at St. Cronan's Parish Centre, Brackenstown, Swords.

The booklet was the joint achievement of all An Coiste members in 2016-17, with special inputs from two members now retired, Canon Pádraig Ó Cochláin PP, and Br. Dónall Ó hÉalaithe CFC. They had a professional understanding of the religion curriculum, of the work of the diocesan adviser, and the needs of the schools. It was recognised that an additional resource of this kind was needed. The text was ready in 2017, but due to delay, and then as a result of the pandemic, it was not published until now.

Thanks to a generous subsidy from *An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*, An Coiste was able to donate a copy of the booklet to all Gaeltacht Schools, and to every Gaelscoil in Ireland (north and south), and another copy to schools with a second stream, together with information on where further copies could be purchased, through Veritas and other sources. 349 copies were distributed in this manner, 73 of them to Gaelscoileanna in the Archdiocese of Dublin.

An Coiste continues to provide Mass readings, Prayers of the Faithful and sermon notes to those assisting at Irish Masses, in the Archdiocese and elsewhere. During the year we also engaged in our usual publicity regarding liturgies and other events, via the diocesan communications office, social media, and by email.

June 2024